Iris Oifigiúil
an Aontais Eorpaigh

GA
Sraith C

C/2024/4865

12.8.2024

**Caingean arna tabhairt an 27 Meitheamh 2024 – Meta Platforms Ireland v EDPB**

**(Cás T-319/24)**

(C/2024/4865)

*Teanga an cháis: an Béarla*

## Páirtithe

*Iarratasóir:* Meta Platforms Ireland Ltd (Baile Átha Chliath, Éire) (ionadaithe: H.-G. Kamann, F. Louis, M. Braun, A. Vallery, Dlíodóirí, P. Nolan, B. Johnston, L. Joyce, D. Breatnach, Aturnaetha, D. McGrath, E. Egan McGrath, SC, S. Horan agus H. Godfrey, Abhcóidí)

*Cosantóir:* An Bord Eorpach um Chosaint Sonraí (EDPB)

## An t-ordú atá á lorg

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

— ‘Tuairim 08/2024 maidir le Toiliú Bailí i gComhthéacs an Toilithe nó na Múnlaí Pá arna gCur Chun Feidhme ag Ardáin Mhóra ar Líne arna nglacadh faoi Airteagal 64(2) RGCS’, arna ghlacadh ag an mBord Eorpach um Chosaint Sonraí (EDPB) an 17 Aibreán 2024 (Tuairim atá faoi chonspóid) a chur ar neamhní; agus

— a ordú don chosantóir an damáiste atá á fhulaingt ag Meta Platforms Ireland Ltd mar gheall ar an Tuairim atá faoi chonspóid a chúiteamh, a éilíonn a tharraingt siar;

— a ordú don chosantóir costais na n-imeachtaí a íoc.

## Saincheisteanna dlí agus príomhargóintí

Mar thaca leis an gcaingean, maíonn an t-iarratasóir seacht saincheist dlí.

1. An chéad saincheist dlí lena n-éilítear go bhfuil Airteagal 64(2) RGCS mídhleathach agus neamh-infheidhme de bhun Airteagal 277 CFAE, nó go n-éilíonn sé léiriú sriantach i gcomhréir le prionsabail *Meroni agus Romano* agus leis an gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh (an Chairt), a chaithfidh teacht ar an gconclúid gurb é léiriú agus cur i bhfeidhm an EDPB d'Airteagal 64(2) den RGCS sa Tuairim atá faoi chonspóid a sháraíonn na cearta bunúsacha atá cumhdaithe sa Chairt agus cothromaíocht na gcumhachtaí arna mbunú leis na Conarthaí.

2. An dara saincheist dlí lena n-éilítear go sáraíonn an Tuairim atá faoi chonspóid Airteagal 19(1) CAE toisc nach n-urramaíonn sé cineál ceangailteach bhreithiúnais CBAE nó, ar a laghad, go ndearnadh earráid sa dlí trí mhíthuiscint a bhaint as an mbreithiúnas i gCás C-252/21, *Meta Platforms agus páirtithe eile*.

3. An tríú saincheist dlí lena n-éilítear gur cur isteach mídhleathach agus díréireach í an Tuairim atá faoi chonspóid ar Airteagal 16 den Chairt agus go dteipeann uirthi cothromaíocht chóir a bhaint amach idir cearta bunúsacha a bhíonn salach ar a chéile.

4. An ceathrú saincheist dlí lena n-éilítear go sáraíonn an Tuairim atá faoi chonspóid prionsabal na córa comhionainne a chumhdaítear in Airteagal 20 den Chairt.

5. An cúigiú saincheist dlí lena n-éilítear go dtugann an Tuairim atá faoi chonspóid oibleagáid nua agus neamhchomhleanúnach isteach nach bhfuil ar fáil in aon áit sa RGCS, de shárú ar Airteagal 52(1) den Chairt, prionsabal na deimhneachta dlíthiúla, coincheap an toilithe (Airteagal 4(11) RGCS), agus prionsabal an íoslaghdaithe sonraí (Airteagal 5(1)(c) RGCS).

6. An séú saincheist dlí lena n-éilítear gur theip ar an EDPB gníomhú mar chomhlacht neamhchlaonta de shárú ar Airteagal 41(1) den Chairt.

7. An seachtú saincheist dlí lena n-éilítear gur sháraigh an EDPB ceart Meta Platforms Ireland Ltd chun éisteacht a fháil atá cumhdaithe in Airteagal 41(2)(a) den Chairt.